


Cosaint Sonraí don Treoirchomhairleoir

Bainistíocht Sonraí Chomhlíontach

Údar: Hugh Jones Speisialtóir um Chosaint Sonraí

Sainchomhairleoireacht um Chosaint Sonraí Sytorus

Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) i bhfoirm ailt don Treoirleabhar Scoile



Clár Ábhar

Achoimre.....	3
Eochairfhocail.....	3
Réamhrá.....	3
Reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann.....	4
Freagracht as comhlíonadh.....	4
Sainmhíniú.....	5
Prionsabail um Chosaint Sonraí an RGCS.....	7
Oibleagáidí an Treoirchomhairleora fhéinfhostaithe.....	12
Cearta an Ábhair Shonraí.....	13
Beartais Bhainistíochta Sonraí.....	14
Cumhachtaí an Choimisinéara CS.....	15
Sonraí Pearsanta a Aistriú Thar Lear.....	15
Conclúid.....	17
Breis Faisnéise:.....	18
Beathaisnéis – Hugh Jones.....	18
Aguisín I - Treoirlínte maidir le Beartas um Chosaint Sonraí.....	19

Achoimre

Ba ghné bhunriachtanach ról an Treoirchomhairleora i dtaobh comhairle ghairmiúil oibiachtúil a chur ar mhic léinn agus cuardaitheoirí poist ar a láidreachtaí, a gcumas agus a mbuanna.

Dá réir, baineann faisnéis a phróiseáil a bhíonn pearsanta agus an-rúnda go minic leis maidir le daoine ar gach aois. Sa chomhthéacs sin, caithfidh gníomhaíochtaí an Treoirchomhairleora reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann a chomhlíonadh.

Tugadh dúshlán breise isteach i mBealtaine 2018 nuair a d'athraigh tírdhreach um Chosaint Sonraí na hÉireann agus na hEorpa ó bhonn i ndiaidh gur tugadh an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí isteach – sraith nua d'oibleagáidí bainistíochta sonraí a mbeidh éifeacht acu ar fud réigiún na hEorpa ar an dáta céanna.

Cuirtear léargas ginearálta gearr ar fáil san alt seo ar an Rialachán, anuas ar ghníomhaíochtaí laethúla Treoirchomhairleoirí a leagan amach laistigh den chomhthéacs sin. Déantar breithniú san alt ar na sonraí atá á n-úsáid ag an Treoirchomhairleoir, ar na dúshláin ar leith a bhaineann le hoibriú le mionaoisigh, agus na difríochtaí idir iad siúd a oibríonn mar fhostaithe le scoileanna nó coláistí, agus iad siúd a oibríonn mar ghairmithe féinfhostaithe.

Déanaimid iarracht moltaí pragmatacha a chur ar fáil ó thús deireadh na cáipéise maidir le conas sonraí pearsanta a bhainistiú ar bhealach atá inrochtana agus ábhartha araon don Treoirchomhairleoir gairmiúil.

Eochairfhocail

Cosaint Sonraí, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, an RGCS, Comhlíonadh, Rialaitheoir Sonraí, Próiseálaí Sonraí, Ábhar Sonraí, Coimisinéir Cosanta Sonraí, Údarás Maoirseachta, Toiliú, Forfheidhmiú, Sonraí Pearsanta Íogaire.

Réamhrá

Tugtar cuntas gearr sa cháipéis seo ar reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann, an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) ina measc a bheidh ag teacht aníos agus tagairt ar leith do riachtanais phróiseála Treoirchomhairleora scoilbhunaithe. Déanfar breithniú san alt seo ar an oibleagáid chun na seacht bPrionsabal um Chosaint Sonraí den RGCS a chomhlíonadh, anuas ar na Cearta a bhronntar ar na hÁbhair Shonraí faoin reachtaíocht, agus cumhachtaí forfheidhmithe Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann.

Tá ábharthacht ar leith ag ról Treoirchomhairleora sa chomhthéacs seo – is le mionaoisigh tromlach na ndaoine aonair a fhaigheann agus a phróiseálann an

Treoirchomhairleoir (daoine faoi 18 mbliana d’aois), agus beidh toiliú tuismitheora ag teastáil chun an ról seo a chomhlíonadh i gceart.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tugadh riachtanas breise isteach sa RGCS i dtaobh aois toilithe – go sonrach i dtaobh ‘seirbhísí sochaí faisnéise’ a bhunú, e.g. cuntais ríomhphoist, mheán sóisialta agus ghuthán póca. Faoi na cúinsí siúd, dheimhnigh rialtas na hÉireann gur féidir le leanbh aois 14 bliana nó níos sine leanúint ar aghaidh agus a iarraidh go gcruthaítear cuntas den chineál sin ar a rogha féin. Nuair atá leanbh 13 bliana d’aois nó níos óige, áfach, caithfear faomhadh tuismitheora nó caomhnóra a fháil roimh ré, sular féidir cuntas den chineál sin a chruthú.

I gcomhthéacs scoile, bheadh seo i gceist nuair a bhíonn sé ar intinn ag scoil nó rang grúpa WhatsApp a shocrú do thionscadal ar leith, nó nuair a bhíonn seoltaí ríomhphoist scoile á gcur ar fáil do scoláirí do thascanna agus gníomhaíochtaí tionscadail.

Reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann

Tá dhá Acht i reachtaíocht na hÉireann a chumhdaíonn na hoibleagáidí, na cearta agus na struchtúir forfheidhmithe go sonrach maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus an úsáid a bhaint astu ar mhaithe le cuspóirí tráchtála agus riaracháin:

- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (an príomh-Acht) agus
- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003.

Déanfar an dá Acht seo a ionadú an 25 Bealtaine 2018, le Rialachán aonair, ar a dtugtar an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (nó an RGCS), a rialóidh an bealach a phróiseáiltear sonraí pearsanta trasna réigiún na hEorpa don todhchaí intuartha.

Cosnaítear sa reachtaíocht sonraí pearsanta a choimeádtar go leictreonach (sonraí uathoibríthe) nó i bhfoirm pháipéir (sonraí de lámh), a fhad agus a choimeádtar iad i bhformáid eagraithe innéacsaithe (córas comhdúcháin ábhartha).

Freagracht as comhlíonadh

Tá an príomhfhreagracht as comhlíonadh ar an Rialaitheoir Sonraí, an scoil nó an coláiste sa chomhthéacs seo, agus Próiseálaithe Sonraí dá réir sin, i.e. aon eagraíocht nó duine aonair tríú páirtí a chuireann seirbhísí gairmiúla bainistíochta sonraí ar fáil don Rialaitheoir. Tá Treoirchomhairleoirí, eagraíochtaí tacaíochta TF, altraí scoile etc. i gceist leis na daoine aonair a chuireann seirbhísí gairmiúla bainistíochta sonraí ar fáil.

Sainmhíthe

Sonraí Pearsanta

Sonraí atá i gceist le sonraí pearsanta ar féidir leo duine aonair beo a shainaithint, cé acu go díreach (ainm agus seoladh, etc.) nó go hindíreach (uimhir aitheantais mhac léinn, uimhir phas, uimhir thagartha, etc.). Is féidir a áireamh le sonraí pearsanta taifid riaracháin scoile, torthaí tástála cumais agus síciméadraí, píosa scannáin físeáin agus CCTV, nótaí treorach, faisnéis faoi theaghlach sínte, riachtanais riachtanas speisialta, tagairtí tríú páirtí, torthaí scrúdaithe, grianghraif, etc.

Aois an Tromlaigh

Níl aon aois íosta ná uasta ann ag a mbíonn baint ag an reachtaíocht seo. Is iad an t-aon chritéir sainmhíthe gur gá go mbaineann na sonraí pearsanta le ‘duine aonair beo’. [Baineann na critéir chéanna le cosaint a bhforáiltear dó sa reachtaíocht leabhair agus clúmhille.] Baineann cosaint na reachtaíochta le duine ar gach aois, leanaí, déagóirí agus daoine fásta óga ina measc, a fhad agus go bpróiseáiltear a sonraí pearsanta laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann.

Moladh: Nuair a bhíonn sonraí leanaí faoi-aois á bpróiseáil ag scoil (tuigtear, de ghnáth, go n-áirítear leis na leanaí seo leanaí faoi 18 mbliana d’aois, ach faoi 13 bliana i gcásanna áirithe, faoi mar ar tugadh cuntas air roimhe seo), moltar tuismitheoirí nó caomhnóirí an linbh a chur ar an eolas ar an bpróiseáil sin.

Nuair a bhíonn sonraí scoláirí á bpróiseáil ag scoil nó ag Treoirchomhairleoir atá níos sine ná 18 mbliana d’aois, ba cheart caitheamh leis na scoláirí siúd mar dhaoine fásta agus ba cheart próiseáil a sonraí a mhíniú dóibh go díreach.

Ar aon dul leis an RGCS, dheimhnigh rialtas na hÉireann nach féidir tabhairt faoi phróiseáil áirithe ar shonraí pearsanta a bhaineann le leanaí faoi aois 13 bliana gan faomhadh tuismitheora. Faoi mar a luadh ní ba luaithe, áirítear leis seo cuntais chumarsáide leictreonaí. Mar shampla, nuair a shannann scoil cuntas ríomhphoist dá scoláirí lena chur ar a gcumas obair bhaile a sheoladh ar aghaidh, nó chun comhoibriú a dhéanamh ar thionscadail, caithfear faomhadh tuismitheora a fháil sular féidir cuntais a shocrú do scoláirí aois 13 bliana nó níos óige.

Is minic go ndéanfaidh Treoirchomhairleoir idirchaidreamh le heagraíochtaí tríú páirtí thar ceann a scoláirí (e.g. fostóirí féideartha amach anseo, ollscoileanna, oibríthe sóisialta, etc.); caithfidh toiliú an scoláire agus thuismitheoirí nó caomhnóirí an scoláire a bheith ag an Treoirchomhairleoir sula ndéantar aon sonraí pearsanta a nochtadh.

Catagóirí Speisialta de Phróiseáil Sonraí

Aithnítear sa Rialachán um Chosaint Sonraí go mbíonn sonraí áirithe an-tugtha d’idirdealú nó réamhchlaonadh, agus go dteastaíonn leibhéal breise cosanta uathu – áirítear leis seo sonraí faoi aitheantas ciníoch nó eitneach duine aonair, a gcreidimh pholaitiúla, reiligiúnacha nó idé-eolaíocha, a ngnéaschlaonadh agus aon fhaisnéis faoi shláinte mheabhrach nó fhisiciúil duine aonair, etc. I gcomhthéacs na scoile, cháileodh na torthaí tástálacha caighdeánaithe cumais (TCCanna) mar rud a thabharfadh le fios cumas meabhrach agus acadúil scoláire aonair, agus cháileoidís, ar an ábhar sin, mar chatagóir speisialta de phróiseáil.

Nuair a dhéanann scoil na sonraí siúd a choimeád agus a phróiseáil, ba cheart don scoil a bheith an-chúramach maidir leis an úsáid a bhaintear astu. Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh ar Threoirchomhairleoir fógra a thabhairt d'fhostóir ionchasach ar riachtanais leighis, ailléirgí nó comhcheangal reiligiúnach scoláire. Ceadaítear é seo, dar ndóigh, ach amháin a fhad agus a bhaineann sé le cúinsí an ról nó an tsocrúcháin oibre.

Carachtair a shainmhíneáir sa Rialachán

Sainaithnítear sa reachtaíocht trí phríomhcharachtar maidir le sonraí pearsanta a bhainistiú:

- **An tÁbhar Sonraí** – an duine aonair beo lena mbaineann na sonraí pearsanta. Den chuid is mó, baileoidh an Treoirchomhairleoir sonraí faoi na scoláirí a mbeidh treoirchomhairleoireacht á cur ar fáil aige nó aici dóibh, ach beidh sonraí teagmhála acu, chomh maith, d'fhostóirí agus daoine eile a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí treorach;
- **An Rialaitheoir** – is í an eagraíocht atá freagrach as na sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil – i gcomhthéacs na cáipéise seo, an scoil ar a bhfreastalaíonn an scoláire, an Rialaitheoir Sonraí. Nuair a bhíonn an Treoirchomhairleoir fostaithe ag an scoil, caithfidh siad beartas um chosaint sonraí na scoile a chomhlíonadh (glactar leis go bhfuil beartas acu) agus oibleagáidí um chosaint sonraí na scoile, laistigh de théarmaí a gconartha fostaíochta.
- **An Próiseálaí Sonraí** – aon eagraíocht tríú páirtí atá faoi chonradh ag an scoil, chun tabhairt faoi thasc nó feidhm faoi leith ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta (e.g. soláthraí seirbhíse speisialaithe, Treoirchomhairleoir féinfhostaithe, etc.). Mar gheall nach bhfuil aon chonradh fostaíochta ann faoi na cúinsí siúd, ceanglaítear sa dlí nach mór go mbeidh socrú foirmiúil conarthach i bhfeidhm idir an scoil (mar Rialaitheoir Sonraí) agus an Treoirchomhairleoir féinfhostaithe sula roinntear aon sonraí pearsanta. Caithfear tagairt ar leith a dhéanamh sa chonradh d'oibleagáidí bainistíochta sonraí de chuid ról an Treoirchomhairleora. A luaithe a bhíonn conradh cuí Próiseálaí Sonraí i bhfeidhm, bíonn aon oibleagáidí um chosaint sonraí a bhíonn ar an Rialaitheoir Sonraí ar an bPróiseálaí Sonraí d'fhad na fostaíochta.

Mar an Rialaitheoir Sonraí, tá an scoil freagrach go príomha as sonraí a scoláirí a bhailiú, a stóráil, a choinneáil agus a nochtadh. Is í an scoil an príomhaonán, ar an ábhar sin, lena mbaineann na hoibleagáidí um Chosaint Sonraí.

Tá an fhreagracht ar an Rialaitheoir, chomh maith, a chinntiú go mbíonn an Comhaontú cuí Próiseálaí Sonraí i bhfeidhm. Ceanglófar san RGCS go gcuimsítear clásail áirithe speisialta sa chonradh seo, a chumhdaíonn ábhair ar nós fhad an chonartha, an t-ábhar, na catagóirí sonraí pearsanta atá á bpróiseáil, agus na bearta slándála atá i bhfeidhm chun rúndacht agus iomláine na sonraí a chosaint.

Moladh: Caithfidh an Treoirchomhairleoir insint ghearr a ullmhú ina mínítear an cuspóir atá acu chun sonraí pearsanta scoláirí a bhailiú. D'fhéadfaí a áireamh leis seo tagairt don scoil lena n-oibríonn siad, réimse na sonraí a theastóidh uathu, agus an chaoi gur féidir leo na sonraí a roinnt le fostóirí, fostóirí ionchasacha agus eagraíochtaí eile thar ceann a scoláirí.

Molaimid go gcuireann an Treoirchomhairleoir an míniú seo ar fáil do na scoláirí lena n-oibríonn siad agus tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí na scoláirí araon.

Ní chuirtear teimpléad ar fáil sa Rialachán um Chosaint Sonraí don insint sin, ach tugtar cuntas san aguisín leis an alt seo ina dtugtar roinnt moltaí maidir le clásail atá le cur san áireamh sa chonradh.

Prionsabail um Chosaint Sonraí an RGCS

Mar an Rialaitheoir Sonraí, caithfidh bainistíocht na scoile agus a foireann iomlán seacht bprionsabal um chosaint sonraí a chomhlíonadh a leagtar amach sa Rialachán nua. Tá iad seo ar aon dul, go mór mór, leis na hocht Rialachán a leagann an creat amach don reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

Nuair is fostaí den scoil an Treoirchomhairleoir, caithfidh siad beartais na scoile a chomhlíonadh, go príomha. Níos déanaí san alt seo, caithfidh súil ar oibleagáidí comhlíonta nuair is tríú páirtí féinfhostaithe an Treoirchomhairleoir, atá fostaíthe ag an scoil faoi chonradh.

1. Caithfear na sonraí a **fháil go cothrom**, agus ba cheart tabhairt faoin bpróiseáil ar bhealach dleathach, oscailte agus trédhearcach. Faoi mar a bhí i gceist leis an reachtaíocht roimhe seo, ba cheart go ndéanfaí próiseáil, go hidéalach, le toiliú an Ábhair Shonraí agus é/í ar an eolas air, agus sa chás gurb íomchúí, le toiliú a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí agus iad ar an eolas air. D'fhéadfadh gurb ann do choinníollacha dleathacha eile, áfach, a thugann údar leis an bpróiseáil, fiú nuair nach mbíonn toiliú ar fáil nó nuair atá sé á shiarchoinneáil. Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh oibleagáid ar scoil, faoin reachtaíocht chosanta, fógra a thabhairt d'údarais ar bhuarthaí a bhaineann le leas scoláire, fiú nuair nach mbíonn toiliú tuismitheora ar fáil nó nach bhfuil sé ag teacht aníos.
 - a. **Moladh:** Sa chás nach bhfuil Beartas um Chosaint Sonraí ag an scoil, molaimid go ndrachaíonn an scoil Beartas um Chosaint Sonraí ina dtugtar cuntas ar thiomantas na scoile chun na sonraí pearsanta a fháil, a shealbhú, a phróiseáil agus a stóráil i gcomhlíonadh na reachtaíochta. Nach ndéantar Beartas um Chosaint Sonraí a shainordú go sonrach sa Rialachán, is ionann agus dea-chleachtas é agus cuireann sé roinnt trédhearcachta ar fáil do thuismitheoirí agus leanaí araon trína n-ionchais a leagan amach i dtaca leis an bpróiseáil a bheartaíonn siad a dhéanamh ar a sonraí pearsanta. Féach Aguisín I, le do thoil, den alt seo chun teacht ar mholtaí ar ábhar Beartais um Chosaint Sonraí.
 - b. **Moladh:** Mar gheall go mbíonn tromlach na scoláirí lena mbíonn an Treoirchomhairleoir ag oibriú faoi 18 mbliana d'aois, ba cheart don scoil cumarsáid a dhéanamh lena dtuismitheoirí nó caomhnóirí ag tús gach scoilbhliana, agus a mhíniú dóibh go bhfaighfear ag oibriú go bpróiseálfaí sonraí na scoláirí ar roinnt cuspóirí, atá comhsheasmhach le gníomhaíochtaí na scoile. Ba cheart don scoil dearbhuithe a sholáthar, chomh maith, nach n-úsáidfear na sonraí pearsanta ar

chuspóirí eile tánaisteacha.

Lorgaíonn go leor scoileanna deimhniú toiliú tuismitheora ag tús na chéad bhliana, agus braitheann siad air seo d'fhad na gceithre nó na gcúig bliana eile ina dhiaidh den am a chaithfidh an scoláire ag an scoil. Thabharfadh dea-chleachtas le fios gur cheart an toiliú seo a athnuachan nó a athbhreithniú gach bliain ag tús an téarma, lena chinntiú nár tháinig aon athrú substainteach ar chúinsí sa bhliain idir an dá linn.

- c. **Moladh:** Ba cheart don Treoirchomhairleoir a mhíniú go soiléir, do scoláirí agus dá dtuismitheoirí nó caomhnóirí araon, go mbaileofar a sonraí pearsanta fad a bhíonn an Treoirchomhairleoir ag oibriú leo, go mb'fhéidir go mbeidh ar an gComhairleoir a sonraí a nochtadh do dhaoine eile, agus go gcoimeádfar na sonraí i gcomhlíonadh reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann.
2. Ní féidir na sonraí a fháil ach do **chuspóir sonracha nó do chuspóirí sonracha** – caithfidh gur féidir leis an Rialaitheoir Sonraí a bheith in ann údar a thabhairt leis na sonraí a fháil, a stóráil, a phróiseáil agus a úsáid.
 - a. **Moladh:** Breithniú a dhéanamh ar na cuspóirí éagsúla dá dteastaíonn na sonraí faoi na scoláirí ón scoil. Ba cheart don scoil ionchais réasúnta a leagan amach ansin le mic léinn agus tuismitheoirí/caomhnóirí araon i dtaca leis na cuspóirí dleathacha dá n-úsáidfear na sonraí.
 3. Níor cheart don scoil ach tabhairt faoin **réimse íosta próiseála** a theastaíonn chun na cuspóirí sonraithe dleathacha a bhaint amach dá bhfuarthas na sonraí. Ba cheart go mbeadh aon phróiseáil teoranta don réimse íosta seo. Ba cheart d'fhoireann na scoile an cathú chun sonraí pearsanta breise a bhailiú a chur faoi chois – uimhreacha guthán póca, seoltaí ríomhphoist, etc., murach go dteastaíonn na sonraí go sonracha. Ina theannta sin, ba cheart na sonraí a choinneáil d'fhad atá chomh gearr agus is féidir agus an úsáid íosta a bhaint as na sonraí ina dhiaidh sin – e.g. bheadh an chosúlacht air go sáraíonn scoileanna a choimeádann torthaí scrúdaithe nó scóir thástála TCC ar feadh tréimhse éiginnte, an Prionsabal seo.

Moladh: Fad a bhíonn an Treoirchomhairleoir ag oibriú leis na scoláirí, beidh súil leis go nochtann siad a bhfaisnéis d'eagraíochtaí eile, e.g. fostóirí ionchasacha, sannacháin taithí oibre, etc. Níor cheart don Treoirchomhairleoir ach a laghad sonraí faoi scoláirí a nochtadh a theastaíonn ó na páirtithe seo, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh dá scoláirí.

Moladh: Faoi Rialacháin um Chosaint Sonraí na hÉireann, níl ceart uathoibríoch rochtana ag eagraíochtaí ná tuismitheoirí ar sonraí a bhaineann leis na scoláirí. Cé go bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir i dteideal gníomhú thar ceann an scoláire, tá cúinsí ann ina bhféadfadh bainistíocht scoile a dheimhniú go bhféadfadh nach rachadh sé chun sárleasa an scoláire faisnéis áirithe a nochtadh do thuismitheoir nó

caomhnóir.

Deimhnítear an bainistiú a dhéantar ar thaifid scoile agus scoláirí i réimse de reachtaíocht na hÉireann. Ba cheart seo a chur san áireamh nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar iarrataí ar shonraí a roinnt, nochtadh, sonraí faoi scoláirí a fháil, etc. Faoi mar a bhíonn i gceist le heagraíocht ar bith eile, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoil ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá ábhartha i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ar a sonraí pearsanta, agus ba cheart don scoil dianiarracht a dhéanamh chun na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh.

- a. **Moladh:** Ba cheart aon iarraidh a dhéantar ar rochtain ar shonraí pearsanta scoláire a mheas ar a fiúntais, agus molaimid go n-iarrann an scoil go seoltar aon iarraidh ar fhaisnéis phearsanta faoi scoláire ar aghaidh i i scríbhinn, agus míniú soiléir a thabhairt ar bhunús na hiarrata, agus ba cheart do bhainistíocht na scoile breithniú a dhéanamh air sula ndéantar cinneadh maidir le freagairt.
4. Caithfear na sonraí a choimeád **a chruinne agus a chothroime le dáta**, faoi mar is gá ag an scoil agus a foireann. Dar ndóigh, is chun leasa na scoile féin é a chinntiú go bhfuil a cuid sonraí cothrom le dáta agus cruinn, le bheith in ann an tacaíocht agus an chomhairle is fearr agus is féidir a sholáthar do na scoláirí atá faoina gcúram.
 - a. **Moladh:** Má tá sonraí á gcoimeád ag an scoil faoi scoláirí i gcaitheamh tréimhse roinnt blianta, ba cheart do bhainistíocht na scoile meicníocht éigin a thabhairt isteach lena chinntiú go ndéantar seiceáil rialta ar na sonraí i dtaobh cruinnis agus a bheith cothrom le dáta, agus go nuashonraítear iad dá réir a luaithe a cuireadh an scoil ar an eolas ar athruithe. Ar a laghad uair sa bhliain, i rith clárú, bíonn deis an-oiriúnach ag an scoil le cruinneas agus cothroime le dáta aon sonraí pearsanta a sheiceáil atá á gcoimeád aici maidir lena scoláirí agus a dtuismitheoirí, sonraí teagmhála éigeandála, riocht sláinte, etc.
 - b. **Nóta:** tá ceart ag gach Ábhar Sonraí, faoin reachtaíocht, a iarraidh go gceartaítear aon sonraí míchruinne a bhaineann leo a d'fhéadfadh bheith á gcoimeád ag an scoil.
 5. **Níor cheart sonraí pearsanta a choimeád ach chomh fada sin agus is gá**, deimhnítear an fad seo, de ghnáth, tríd an gcuspóir ar leith a luaitear in (2) thuas, anuas ar oibleagáidí faoi reachtaíocht eile na hÉireann (e.g. dlí fostaíochta, rialacháin chánach, oibleagáidí sláinte agus sábháilteachta, etc.). Leagtar amach sa reachtaíocht reatha oibleagáidí nach mór don scoil cur amach a bheith acu orthu, agus caithfear formhór na dtaifead a bhaineann le seirbhísí scoláirí a choimeád ar feadh seacht mbliana, ar a laghad, i ndiaidh gur fhág an scoláire an scoil. Baineann an riail seo le sonraí a choimeádtar i bhformáid uathoibríthe (ríomhairíthe) agus i bhformáid de láimh (taifid pháipéir).

- a. **Moladh:** Níor cheart don scoil sonraí scoláire a choimeád ach d'fhad

na tréimhse ina bhfuil seirbhísí treorach á soláthar ag an scoil don scoláire sin, móide seacht mbliana. Ina dhiaidh sin, ba cheart taifid agus comhfhreagras le scoláirí a laghdú anuas chuig an méid is lú a theastaíonn leis na scoile a choimeád dá dtaifid stairiúla. Faoi mar a leagtar amach in (4) thuas, ba cheart na sonraí seo a stóráil in áit shlán.

- b. **Moladh:** Is fearr a mhéid sonraí faoi scoláirí a lua gan ainm agus is féidir, agus ba cheart aon chóipeanna nach dteastaíonn nó cóipeanna dúblacha a mhilleadh.

6. Caithfear na sonraí a choimeád **sábháilte agus slán ag gach tráth i rith próiseála**, agus an úsáid chuí á baint as an teicneolaíocht atá ar fáil – baineann seo le sonraí de lámh agus uathoibríthe. Tá dualgas cúraim ar an scoil a chinntiú go gcoimeádtar na sonraí a bhailítear go sábháilte agus go slán don fhad a choimeádtar iad. Ba cheart don scoil a chur san áireamh go bhfuil na nótaí a bhreactar síos i rith seisiúin treorach an-rúnda, agus d'fhéadfadh gurbh ionann agus

Sonraí Íogaire Pearsanta (faoi mar a shainmhínítear thuas) iad. Dá bharr, is fiú teastaíonn leibhéal breise cúraim agus cosanta uathu faoin reachtaíocht.

Ceanglaítear sa Rialachán ar an Rialaitheoir Sonraí réitigh chuí theicneolaíochta, eagraíochta agus fhisiciúla a chur i bhfeidhm chun rúndacht agus sláine na sonraí pearsanta a chosaint.

- Réitigh theicneolaíochta – cosaint phasfhocail ar chomhaid, rochtain theoranta ar an líonra, bheith discréideach nuair a bhíonn ríomhphoist á seoladh, scáileáin ríomhairí pearsanta ‘a ghlasáil’ nuair nach mbíonn siad á n-úsáid, etc.
- Réitigh eagraíochta – teorainn a chur ar an leibhéal rochtana ar thaifid bunaithe ar ról agus freagrachtaí comhaltaí foirne, etc.
- Réitigh fhisiciúla – doirse oifige a ghlasáil nuair nach bhfuil seomraí a n-úsáid, CCTV a chur chun úsáide ar thailte na scoile, glacadh le beartas ‘deasc ghlan’ i ngach oifig, taisceadáin a chur ar fáil do scoláirí ar mhaithe lena leabhair agus a gcáipéisí etc. a stóráil go sábháilte.

Is minic gur baol gur fearr leis an scoil neamhaird a thabhairt ar an tslándáil ar mhaithe le háisiúlacht – e.g. cead a thabhairt don fhoireann go léir teacht a bheith acu ar thaifid scoláirí, nó a chur ar chumas na foirne teacht a bheith acu ar líonra TF na scoile amuigh ó láthair na scoile, chun go mbíonn siad in ann oibriú ón mbaile, nó lasmuigh de ghnáthuaireanta na scoile. Cé go bhféadfadh na réitigh seo cabhrú le próiseáil níos éifeachtúla a dhéanamh ar shonraí, cuireann siad leis an riosca go gcaillfear sonraí, go sceithfear sonraí nó go dtiocfadh duine go míchuí nó gan údarás ar thaifid scoláire.

- a. **Moladh:** Mura bhfuil beartas ag an scoil cheana féin, molaimid beartas a thabhairt isteach ina ndéantar an trealamh móibíleach ríomhaireachta agus stórála sonraí go léir (eochracha USB, tiomántáin sheachtracha, gutháin chliste, ríomhairí glúine, etc.) a chriptiú.

- b. **Moladh:** Ba cheart go mbeadh teorainn dhian ar theacht ar thaifid de

láimh agus leictreonach, agus níor cheart go mbeadh ach iad siúd a bhfuil gá nó údarú ar leith acu amhlaidh a dhéanamh in ann na sonraí seo a fheiceáil agus a mhionathrú.

- c. **Moladh:** Go hidéalach, ba cheart sonraí scoláire a stóráil go lárnach ag an scoil chun go mbíonn an teacht atá orthu teoranta agus chun gur féidir smacht a choimeád ar an úsáid a bhaintear astu. Arís eile, baineann seo, chomh maith céanna, le taifid de láimh agus leictreonacha.

7. Caithfidh an Rialaitheoir Sonraí réitigh chuí a chur i bhfeidhm leis an **bhfreagracht agus an chuntasacht** i dtreo na sonraí pearsanta as a bhfuil sé freagrach a léiriú.

Tabharfar isteach sa RGCS roinnt oibleagáidí a cheanglaíonn ar an scoil a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil an Rialachán a chomhlíonadh aici. Áirítear leo seo:

- Logáil Próiseas Sonraí – beidh ar gach eagraíocht – Próiseálaithe anuas ar Rialaitheoirí
– cur síos a dhréachtú agus a choimeád ar a bpríomhphróisis bhainistíochta próisis, bunaithe ar shraith teideal a dtugtar cuntas orthu sa RGCS. Áirítear leo seo réimse agus scóip na próiseála, an cuspóir a bhíonn leis an bpróiseáil, agus cé acu bíonn an bhfuil sé á dhéanamh ag an Scoil nó ag tríú páirtí thar a cheann;
- Measúnachtaí Tionchair Príobháideachais – tugadh isteach sa RGCS an coincheap ‘Príobháideachas trí Dhearadh’ – i.e. gur gá a áireamh le haon tionscadal a dhéanfaidh athrú ar chóras nó próiseas a chruthóidh baol do shonraí pearsanta, Measúnacht Tionchair Príobháideachais – meastóireacht ar an mbaol a bhfuil coinne leis, anuas ar thuarascáil dhoiciméadaithe, go páirteach mar fhianaise gur tugadh faoin measúnú agus ina dtugtar cuntas ar na bearta maolaithe riosca faoinar tugadh chun dul i ngleic leis an riosca;
- Tuairisciú ar Fhógra faoi Shárú – ó Bhealtaine 2018 ar aghaidh, beidh fógra foirmiúil le tabhairt ar aon sárú a bhraitear nuair a bhíonn sonraí pearsanta á mbainistiú d’Oifig Choimisinéir CS na hÉireann – arís eile, thug an OCCS Treoir, agus tá fáil ar an treoir sin óna láithreán gréasáin ag www.DataProtection.ie;
- Oifigeach Cosanta Sonraí (an OCS) – caithfidh eagraíocht ar bith a shásaíonn roinnt critéar OCS a cheapadh mar an duine ar cheart teagmháil a dhéanamh leis/léi i dtaobh treoir a fháil ar bhainistíocht laethúil sonraí pearsanta laistigh den eagraíocht, anuas ar bheith mar an bpríomhphointe teagmhála do pháirtithe seachtracha, an Rialálaí, etc.
- Is iad na trí chritéar éigeantacha:
 - Nuair is comhlacht poiblí nó údarás atá san eagraíocht
 - Nuair a thugann an eagraíocht faoi fhaireachas córasach ar bhail den phobal (e.g. déanann comhairle cathrach córas monatóireachta CCTV a

- chur chun úsáide), nó
- Nuair a thugann an eagraíocht go rialta faoi chatagóirí speisialta de phróiseáil, ar nós ar fhaisnéis ar riochtaí sláinte, aitheantas eitneach, comhcheangal reiligiúnach, etc.
- Fiú nuair nach sásaíonn eagraíochtaí na critéir éigeantacha, molaimid, ar mhaithe le dea-chleachtas, gur cheart oiliúint fhoirmiúil a chur ar chomhalta foirne maidir leis an RGCS, d'fhonn a bheith in ann cleachtais bhainistíochta sonraí na heagraíochta a mhíniú agus a mhúnlú.

Oibleagáidí an Treoirchomhairleora fhéinfhostaithe

Baineann na seacht bprionsabal a dtugtar cuntas orthu thuas go príomha leis an scoil mar an Rialaitheoir Sonraí. Ar a uain sin, caithfidh fostaithe na scoile na hoibleagáidí a leagtar amach sa reachtaíocht a chomhlíonadh.

Nuair nach fostaí den scoil, Treoirchomhairleoir, ach nuair a bhíonn sé fostaithe ar conradh ar feadh tréimhse sheasta ama, tagann athrú beag ar an oibleagáid seo. Mar chonraitheoir, caithfidh conradh foirmiúil a bheith i bhfeidhm acu leis an scoil sular féidir leo sonraí pearsanta scoláirí na scoile a phróiseáil. Mar shampla, sampla soiléir de Phróiseálaí Sonraí a bheadh i bhfoilsitheoir tástála a éascaíonn torthaí tástála a riar agus a óstáil thar ceann scoile, agus bheadh conradh foirmiúil scríofa le bheith i bhfeidhm ag an scoil leis an bhfoilsitheoir ina thaobh seo.

Murab ionann agus sa reachtaíocht roimhe seo, leagtar amach sa RGCS dhá chlásal dhéag nach mór tagairt a dhéanamh dóibh in aon chonradh den saghas sin idir an scoil (mar Rialaitheoir Sonraí) agus a soláthraithe seirbhíse agus conraitheoirí (na Próiseálaithe Sonraí). Áirítear leo seo:

- Ábhar na próiseála a bheartaítear
- Fad na próiseála
- Cineál agus cuspóir na próiseála
- Saghas/saghsanna na sonraí pearsanta a bhíonn i gceist – e.g. cé acu an ‘gnáthshonraí’ nó sonraí íogaire iad
- Catagóirí na n-ábhar sonraí a bhíonn i gceist – fostaithe, custaiméirí, deontóirí, ‘ionchais’ mhargaíochta, etc.
- Oibleagáidí agus cearta an Rialaitheora, go háirithe nuair a leagann an Rialaitheoir paraiméadair amach le haghaidh próiseála, nó nuair a ghearrann sé srianta ar ghníomhaíochtaí bainistíochta sonraí an Phróiseálaí.

Anuas air sin, caithfear clásail a sholáthar sa chonradh i dtaca leis na freagrachtaí seo a leanas atá ar an bPróiseálaí, an méid seo a leanas ina measc:

- Nach ndéanann an Próiseálaí próiseáil ach ar na sonraí pearsanta bunaithe ar threoracha doiciméadaithe ón Rialaitheoir;
- Cinntíonn an Próiseálaí go raibh daoine atá údaraithe ag an bPróiseálaí chun na sonraí pearsanta a phróiseáil tiomanta do rúndacht na sonraí sin a chosaint;
- Téann an próiseálaí i mbun na mbeart cuí go léir a theastaíonn le slándáil na sonraí pearsanta a chinntiú;
- Léiríonn an Próiseálaí meas ar roghanna an Rialaitheora Sonraí i dtaobh próiseálaí nó fochonraitheoir eile a fhostú;

- Cabhraíonn an Próiseálaí leis an Rialaitheoir trí bhearta cuí teicniúla agus eagraíochta a chur i bhfeidhm, a mhéid agus is féidir seo a dhéanamh, chun oibleagáid an Rialaitheora a chomhlíonadh i bhfreagairt ar iarrataí a bhaineann le cearta ábhar sonraí;
- Cabhraíonn an Próiseálaí leis an rialaitheoir lena chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí maidir le slándáil sonraí, a mhéid agus is féidir;
- Déanann an Próiseálaí, ar rogha an Rialaitheora, na sonraí pearsanta go léir a scriosadh nó a thabhairt ar ais don rialaitheoir i ndiaidh go gcuirtear deireadh leis na seirbhísí a sholáthar a dtugtar cuntas orthu sa chonradh;
- Cuireann an Próiseálaí an fhaisnéis riachtanach go léir ar fáil don Rialaitheoir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán a léiriú, agus ceadaíonn agus cuireann sé/sí go cuí le hiniúchtaí, cigireachtaí san áireamh faoina dtugann an Rialaitheoir nó iniúchóir tríú páirtí eile atá faoi shainordú ag an Rialaitheoir.

Glactar leis go ginearálta gur cheart go leagfaí amach i gconradh an Phróiseálaí Sonraí, a comhaontaíodh idir an Rialaitheoir agus an Próiseálaí, scóip agus réimse na ngníomhaíochtaí a bhfuil súil leis go dtabharfaidh an Treoirchomhairleoir fúthu i gcomhlíonadh a d(h)ualgas ag an scoil. Tá sé ríthábhachtach nach ndéanann an conraitheoir próiseáil ina dhiaidh sin ach ar shonraí faoi scoláirí a cheadaítear sna téarmaí a leagtar amach sa chonradh. Mura ndéanfaí é seo (sonraí a phróiseáil ar bhealach nach gceadaítear sa chonradh), bheadh an baol ann go sárófaí an conradh, anuas ar shárú ar an Rialachán um Chosaint Sonraí.

Cearta an Ábhair Shonraí

Gan aird ar aois, bronntar cearta áirithe ar an Ábhar Sonraí faoin Rialachán nua agus tugtar cuntas ar chuid díobh siúd thíos. Tá oibleagáidí ar an Rialaitheoir agus an Próiseálaí araon freagairt ar bhealach tráthúil nuair a chuireann Ábhar Sonraí na cearta seo chun úsáide cé acu más scoláire, tuismitheoir, múinteoir, Treoirchomhairleoir nó ball den phobal iad).

Ceart Rochtana ar shonraí pearsanta duine

Le cóip dá sonraí a iarraidh, caithfidh an tÁbhar Sonraí iarraidh a sheoladh ar aghaidh i scríbhinn, ina gcuirfead aitheantas dóthanach ar fáil lena shásamh don Rialaitheoir Sonraí a n-aitheantas. I gcás mionaoisigh, féadfaidh a dtuismitheoir nó caomhnóir iarraidh scríofa a sheoladh ar aghaidh thar a gceann. Faoin reachtaíocht roimhe seo, bhí an scoil in ann táille riaracháin a ghearradh ar an tseirbhís seo, ach faoin RGCS, ní cheadaítear aon táille.

Caithfidh an Rialaitheoir Sonraí íoc as aon chostais eile a bhíonn i gceist leis na sonraí a aimsiú, a chóipeáil, a phacáistiú agus a sheoladh sa phost.

Baineann an oibleagáid seo le sonraí de lámh agus leictreonacha araon. A luaithe a fhaightear iarraidh bhailí iarraidh, caithfidh an scoil freagairt a thapúla agus is féidir, ach in aon chás, laistigh de 30 lá féilire (mí amháin) i ndiaidh go bhfaightear an iarraidh.

An ceart go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne

Nuair a chuirtear Ábhar Sonraí ar an eolas go bhfuil earra sonraí pearsanta a bhaineann leo míchruinn nó mícheart, tá siad i dteideal fianaise a sholáthar faoin sonra ceart, agus a cheangal ar an Rialaitheoir an fhaisnéis a nuashonrú dá réir.

An ceart go ligfear i ndearmad

Faoi chúinsí áirithe, b'fhéidir go n-iarrfadh duine aonair go ndéantar aon taifid phearsanta atá á gcoimeád ag an Rialaitheoir a bhaint nó a scriosadh – ceart a dhéantar a lipéadú mar ‘an ceart go ligfear i ndearmad’ Is féidir leis an Rialaitheoir na taifid siúd a choimeád nuair is féidir leo oibleagáid dhlíthiúil nó chonarhach a thaispeáint chun amhlaidh a dhéanamh (e.g. d'fhéadfadh treoir a bheith ann ón Roinn Oideachais agus Scileanna, a cheanglaíonn faisnéis ar clárú nó torthaí scrúdaithe a choimeád ar feadh líon áirithe blianta). Ar an taobh eile den phingín, d'fhéadfadh scoil tús a chur tástáil chaighdeánaithe chumais ar a rogha féin agus, ar an ábhar sin, bheadh oibleagáid air aon torthaí tástála aonair a bhaint ar iarraidh an ábhair shonraí atá i gceist.

Beartais Bhainistíochta Sonraí

Moladh: Mura bhfuil siad ag scoil cheana féin, ba cheart do bhainistíocht na scoile a chinntiú go bhfuil an méid seo a leanas, ar a laghad, ag an scoil:

- Beartas um Chosaint Sonraí
- Ráiteas um Chosaint Sonraí atá curtha in airde ar a láithreán gréasáin nó lámhleabhar
- Beartas um Choimeád agus Scriosadh Sonraí, agus
- Nós Imeachta maidir le hiarrataí Rochtana ag Ábhar

Tugtar cuntas ar Threoirlínte don Bheartas um Chosaint Sonraí in Aguisín I ag deireadh an ailt seo.

Tugtar cuntas sa Bheartas um Choimeád Sonraí ar cé chomh fada a choimeádtar sonraí pearsanta áirithe, agus ba cheart go ndéanfaí cur síos i mBeartas um Scriosadh Sonraí gaolmhar ar conas a scriostar na catagóirí éagsúla de sonraí a luaithe nach mbíonn siad ag teastáil a thuilleadh.

Leagtar amach i bpíosáí éagsúla reachtaíochta an sceideal riachtanach coimeáda do shonraí, e.g. an reachtaíocht Oideachais do thaifid scoláirí, CVanna, cáilíochtaí, torthaí scrúdaithe, etc.

Ba cheart go dtabharfaí cuntas sa nós imeachta maidir le hIarraidh Rochtana an Ábhair do bhainistíocht agus foireann na scoile ar an gcur chuige atá le glacadh chun freagairt ar iarraidh ag Ábhar Sonraí ar chóip dá sonraí pearsanta (sonraí pearsanta an Ábhair). Is é cuspóir an Nóis Imeachta an próiseas is éifeachtúla agus is féidir a chinntiú chun sonraí a bhailiú agus freagairt chomhlíontach, chuimsitheach agus thráthúil ar an Ábhar Sonraí a ullmhú.

Cumhachtaí an Choimisinéara CS

Is é Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann an príomhchumhacht forfheidhmithe don reachtaíocht seo, agus cuireann Oifig an Choimisinéara seirbhís faisnéise atá luachmhar agus poiblí ar fáil ag <http://www.DataProtection.ie>.

Tá Oifig an Choimisinéara bunaithe i gCúl an tSúdaire, Contae Laoise, agus is é an Coimisinéir reatha an tUasal Helen Dixon, a ghlac leis an ról i nDeireadh Fómhair 2014. Is é an téarma oifige cúig bliana.

I gcás go mbíonn díospóidí ann maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, is gnách go ndéanann Oifig an Choimisinéara iarracht chun socrú cairdiúil a bhaint amach idir Ábhar Sonraí agus Rialaitheoir nó Próiseálaí Sonraí. Má bhraitheann sí, áfach, go dteastaíonn cur chuige níos láidre ón gcás, is féidir lena hoifig ordú foirmiúil a eisiúint a cheanglaíonn athruithe áirithe a dhéanamh ar phróiseáil sonraí go dtí gur ceartaíodh nósanna imeachta nó go dtí go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh go hiomlán ag an Rialaitheoir nó an Próiseálaí.

Is féidir pionós a ghearradh ar chionta faoi reachtaíocht na hÉireann trí fhíneálacha a mhéid le €34,500 in aghaidh an chionta ar ionchúiseamh achomair a ghearradh (cion aonair nó tromchúise ísle) agus a mhéid le €5,000 in aghaidh an chionta nuair a bhíonn úsáid a bhaint as na meáin leictreonacha i gceist leis an gcion, ar nós ríomhphost gan iarraidh, téacsáil nó glaonna neamhdhleathacha a chur ar ghuthán póca duine.

Faoin RGCS, méadófar luach ‘caidhpeáilte’ nó uasta na bhfíneálacha agus na bpionós riaracháin seo go mór, aníos go dtí €20 milliún nó 4% de láimhdeachas bliantúil domhanda eagraíochta (pé ceann é an luach is mó). Cé nach dóchúil go ngearrfar fíneáil chomh mór sin riamh ar institiúid oideachais Éireannach, tabharfar isteach sa Rialachán, mar sin féin, forálacha inar féidir na fíneálacha agus na pionóis siúd a ghearradh.

Sonraí Pearsanta a Aistriú Thar Lear

Go hidéalach, ba cheart sonraí pearsanta scoláirí a phróiseáil agus a stóráil laistigh den dlínse, ach déanfar iad a chosaint chomh maith céanna laistigh de 28 ballstát an AE, agus i líon teoranta tíortha eile a mheasann an AE atá ‘sábháilte’ i dtaobh téarmaí bainistíochta sonraí.

Ní imreoidh idirbheartaíocht Brexit, atá ar bun faoi láthair, tionchar ar an mbreithniú

seo, ós rud é nach mbeidh éifeacht ag forálacha aon socráithe deiridh faoi Brexit go dtí lár 2020, ar a luaithe.

Más gá na sonraí a sheoladh lasmuigh den dlínse seo, caithfidh an scoil agus a foireann dul i mbun beart lena chinntiú go mbeidh leibhéal leordhóthanach cosanta curtha ar fáil do na sonraí nuair a bhíonn siad á n-iompar agus nuair a bhaineann siad a gceann scríbe amach, sula seoltar na sonraí. Ba cheart a lua go bhfuil na sonraí á bpróiseáil lasmuigh de dhlínse an AE, chomh maith, i Ráiteas Príobháideachais na scoile, nó in aon ábhar a sheoltar chuig tuismitheoirí maidir le clár nó próiseáil ar leith.

Conclúid

Ba cheart caitheamh le Rialachán um Chosaint Sonraí na hÉireann, nuair a thagann sé i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, mar chumasóir, seachas mar shrian ar riarachán maith scoile agus oifige. Trí na seacht bPrionsabal a shásamh, beidh tuiscint níos fearr ag an scoil agus a foireann ar an bhfaisnéis a choimeádann agus a phróiseálann siad, ar chruinneas agus caighdeán na sonraí sin, an áit agus cé chomh fada a stóráiltear iad, agus conas agus cé a úsáideann iad.

Ar a uain sin, beidh na cinntí a dhéantar ar bhunús na faisnéise siúd pearsanta ar chaighdeán i bhfad níos fearr, beidh siad níos cuí agus cruthóidh siad tairbhe níos mó don scoláire lena mbaineann na sonraí pearsanta.

Breis Faisnéise:

Is féidir reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann a fheiceáil ar láithreán gréasáin Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann ag www.DataProtection.ie.

Sholáthair Oifig an Choimisinéara CS treoir ar leith ar ullmhú don RGCS ag láthair ar leith láithreán gréasáin - <http://gdprandyou.ie/>.

Le cabhrú le heagraíochtaí a n-oibleagáidí a thuiscint agus a chomhlíonadh, d'fhorbair Sytorus uirlis ar líne, Inneall Príobháideachais, ar féidir teacht air ag www.PrivacyEngine.io.

Tá taispeántí den phríomhfheidhmiúlacht ar fáil saor in aisce agus gan choinníollacha.

Beathaisnéis – Hugh Jones

Speisialtóir um Chosaint Sonraí é Hugh Jones, agus tá sé ina bhunaitheoir agus ina stiúrthóir ar Sytorus (www.sytorus.com), príomh-shainchomhairleoireacht bhainistíochta sonraí Éireannach.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Hugh ag Hugh.Jones@Sytorus.com

Cuireann Hugh oiliúint ar fáil, soláthraíonn sé seirbhísí gairmiúla comhairleacha agus labhraíonn sé go minic ag imeachtaí Bainistíochta Príobháideachais agus Sonraí in Éirinn agus thar lear.

Mar chleachtóir deimhnithe um Chosaint Sonraí agus sainchomhairleoir taithíoch bainistíochta tionscadal, tacaíonn Hugh le heagraíochtaí a bhfuil iarrachtaí á ndéanamh acu comhlíonadh reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa a bhaint amach agus a choimeád.

Éascaíonn sé tionscadail chun beartais agus nósanna imeachta cuí a dhearadh agus a chun chun úsáide maidir le príobháideachas sonraí, cáilíocht sonraí agus taifid a choimeád, agus tugann sé faoi iniúchtaí rialta suímh agus meastóireacht rialta ar phróiseas thar ceann a chliant.

.

Aguisín I - Treoirínite maidir le Beartas um Chosaint Sonraí

Cé nach gcuirtear aon sraith shaintreorach critéar do Bheartas foirmiúil i reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hÉireann, is féidir an tuiscint a bhaint as gur cheart go gcuimseofaí i mBeartas eagraíochta an méid seo a leanas (in ord tosaíochta ar bith):

- Sainaitheint shoiléir na heagraíochta féin, a seoladh cláraithe ina measc
- Cuntas ar an gcatagóir nó na catagóirí sonraí pearsanta a theastaíonn ón eagraíocht dá hoibríochtaí laethúla
- An cuspóir nó na cuspóirí a theastaíonn na sonraí siúd ón eagraíocht
- Cuntas ar chúinsí faoinar féidir leis an eagraíocht soláthraí seirbhíse tríú páirtí a fhostú chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a cheann
- An dearbhú go bhfuil an eagraíocht ar an eolas ar a hoibleagáidí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, agus go bhfuil sí tiomanta do na hoibleagáidí siúd a chomhlíonadh
- Sonraí teagmhála trínar féidir le hÁbhar Sonraí aon bhuarthaí bainistíochta sonraí a chlárú leis an eagraíocht